Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9388/1/24**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0042(COD)**

**CODEC 1201**
**CLIMA 180**
**ENV 473**
**TRANS 215**
**MI 456**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún a thogra[1], bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 12 Iúil 2023[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

[1] 6539/23 + ADD 1 go 5.
[2] IO C 349, 29.9.2023, lch. 134.
[3] 8770/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 29/24 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Iodáil agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne, agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.